coláiste chilliain
Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

# Polasaí Gaeilge

**Ráiteas Físe**

Chuige seo tá an Polasaí Gaeilge seo á chur le chéile chun éiteas agus fís na scoile a chur i bhfeidhm agus chun go mbeidh gach duine a thagann i dteagmháil leis an scoil, pobal uile na scoile chomh maith le cuairteoirí chun na scoile.

**An Ghaeilge:**

De bharr gurbh í an Ghaeilge an bhunchloch ar a bunaíodh an scoil is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus ar gach ócáid a mbailíonn pobal na scoile le chéile. Tá Riail na Gaeilge imlínithe mar chuid den chód iompair agus cuirtear an riail sin i bhfeidhm, más gá, i dteannta an pholasaí seo a bhaineann le gach duine.

**An Ghaeilge mar mheán teagaisc:**

- Is í an Ghaeilge an meán trína múintear gach ábhar seachas an Béarla agus na nuatheangacha (sa chás go bhfuil an sprioctheanga á labhairt – sa chás nach ea, is í an Ghaeilge a mbaintear úsáid aisti)
- Maidir le téacsleabhair is leabhair Ghaeilge a úsáidtear sa scoil chomh fada agus a bhíonn fáil ar a leithéid agus iad ar chaighdeán sásúil. Mura mbíonn a leithéid ar fáil déantar iarracht nótaí a réiteach agus a chur ar fáil
- Ní bhaintear úsáid as leabhair, nótaí, nó ábhair teagaisc eile i mBéarla sa chás go mbíonn a mhacasamhail ar fáil i nGaeilge.
- Tugann gach scoláire faoi gach scrúdú (scrúduithe stáit san áireamh) trí mheán na Gaeilge, (eisceachtaí : an Béarla agus na codanna sin de pháipéir na nua-theangacha gur gá a fhreagairt sna nua-theangacha)

**Labhairt na Gaeilge**

- Déanfaidh gach duine de phobal na scoile an Ghaeilge a labhairt taobh istigh den scoil agus ag ócáidí scoile lasmuigh den scoil.
- Déantar gach uile iarracht baill foirne a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu a earcú
- Sa chás go ndéantar duine nach bhfuil an Ghaeilge ar a t(h)oil ag ball foirne iarrfar air/uirthi an oiread Gaeilge gur féidir leis/léi a labhairt timpeall na

scoile. Chomh maith leis seo cuirfear ar an eolas iad faoi chúrsaí Gaeilge a bhíonn ar fáil.
- I gcás cuairteoirí chuig an scoil bítear ag súil go labhródh siad an Gaeilge an fhad is gur féidir leo. Más gá Béarla a labhairt ba cheart a laghad agus is féidir a labhairt nó ba cheart gan tús áite a thabhairt don Bhéarla i dtimpeallacht na scoile agus ag ócáidí scoile.
- Cuirtear cuairteoirí chuig an scoil ar an eolas faoin bpolasaí seo agus mealltar iad chun an Ghaeilge a labhairt le linn dóibh a bheith i measc phobal na scoile.

**Comhfhreagras Fógraí/Ábhair Chlóite**

Cuirtear fógraí in airde i nGaeilge amháin nó dhátheangach seachas sna seomraí ina múintear an Béarla nó na nua-theangacha. Bíonn gach comhfhreagras ón scoil i nGaeilge amháin nó dhátheangach. (Áirítear téacsteachtaireachtaí anseo chomh maith). Tugtar tús áite don leathanach Gaeilge ar an suíomh idirlín agus is é is túisce a dhéantar a nuashonrú i gcónaí.

**Comhfhiosach faoin nGaeilge**

Bítear de shíor ag cur na Gaeilge chun cinn ar an iliomad bealaí gur féidir. I measc na mbealaí a ndéantar é seo tá:

- Ranganna Gaeilge dírithe ar stair na Gaeilge.
- Óráid ón bpríomhoide/múinteoirí eile chuig bliainghrúpaí/ranganna difriúla.
- Labhairt faoin nGaeilge ag an tionól go rialta.
- Cuireadh a thabhairt d’aoichainteoirí teacht chun na scoile chun ceist na Gaeilge a phlé.
- Chomórtas i labhairt na Gaeilge a chur ar siúl.
- Eolas a thabhairt faoi ionchur na meán i gcur chun cinn na Gaeilge
- Eolas a thabhairt ar shuíomhanna idirlín a bhíonn dírithe ar an nGaeilge.
- Coimeádann na córais oibriúchán ar na ríomhaire a bheith i nGaeilge agus aon phacáiste eile a mbíonn fáil air a shuiteáil ar ríomhaire na scoile.
- Teagmháil rialta a dhéanamh le heagraíochtaí ar nós ‘Gaeloideachas Teo.’ Agus COGG
- Eolas a chur ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003)
- Eolas a chur ar fail faoin gCoimisinéir Teanga agus cearta teanga
- Eolas a scaipeadh faoi ghairmeacha le Gaeilge.
- Teagmháil rialta a dhéanamh le heagraíochtaí áitiúla – m.sh. Muintir Chrónáin.
- Teagmháil rialta a dhéanamh le Gaelcholáistí eile – cinn de chuid BOOACDL ach go háirithe.

**Teidil/Ainmneacha**

- Úsáidtear an leagan Gaeilge de theidil seomraí agus ionaid éagsúla ar fud na scoile agus bíonn an chomharthaíocht ar fad i nGaeilge amháin, ach amháin má bhíonn an chomharthaíocht dírithe ar chuairteoirí agus sa chás seo bíonn sí dhátheangach.
- Baintear leas i gcónaí as an leagan Gaeilge d'ainmneacha phobal na scoile más ann do leagan Gaeilge.

**Cruinnithe**

- Tionólfar gach cruinniú sa scoil as Gaeilge amháin nó dhátheangach
- Bíonn cruinnithe múinteoirí as Gaeilge amháin chomh maith le cruinnithe den Bhord Bainistíochta.
- Déantar gach iarracht cruinnithe de Chairde Chilliain a bheith i nGaeilge agus sa chás nach féidir tionóltar cruinnithe dhátheangacha.
- Déantar cruinnithe ginearálta do thuismitheoirí a thionól go dhátheangach.

# <u>Riail na Gaeilge</u>

Ciallaíonn briseadh Riail na Gaeilge: abairt iomlán i mBéarla a labhairt sa scoil nó ar aon ócáid scoile. *A full sentence in English spoken in the school or on any school activity* is a *breach of Riail na Gaeilge*

Má tharlaíonn sé go mbristear an Riail, is mar seo a chuirfear polasaí an choláiste i bhfeidhm: *Should the policy be breached the following policy will be put in place*.

***i.*** Dalta a bhriseann Riail na Gaeilge, cuirtear chuig an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach é/í. Glaofar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí. Cuirfear nóta ar *VSware agus litir abhaile*. Cuirtear iachall ar an dalta teacht isteach ag a 8r.n. chun obair phíonóis a dhéanamh. *Should a student breach the rule, he/she will be sent to the Principal or Deputy Principal. Parents/guardians will be contacted. A note will put on VSware and a letter sent home. The student will be asked to attend at 8.00am, the Principal/Deputy Principal will assign written work as a sanction.*

***ii.*** Má bhristear an Riail don dara huair sa scoilbhliain céanna, cuirtear an dalta ar fionraí inmheánach an lá dar gcionn agus buailfidh sé/sí le hionadaí den Choiste Gaeilge. Rachaidh an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí. *Should the rule be breached for the second time, the student will be placed on internal suspension the following day and he/she will meet with the Coiste Gaeilge. The school authorities will contact the parents/guardians.*

***iii.*** Má bhristear an Riail don tríú huair sa scoilbhliain céanna, cuirtear an dalta ar fionraí baile lae agus buailfidh an tuismitheoir/caomhnóir agus an dalta leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach. *Should a third breach occur, the student will be placed on suspension at home and the parents will meet with the Principal/Deputy Principal.*

**iv.** Má bhristear an Riail don cheathrú huair sa scoilbhliain céanna, cuirtear an dalta ar fionraí baile lae agus buailfidh an tuismitheoir/caomhnóir agus an dalta le hionadaí den Bhord Bainistíochta. *If the rule is breached for a fourth time the student will be on suspension at home and the parents/guardians with the student will meet a representative of the Board of Management*.

***v.*** Má bhristear an riail ina dhiaidh sin sa scoilbhliain céanna, buailfidh an tuismitheoir/caomhnóir agus an dalta leis an mBord Bainistíochta agus pléifear todhchaí an dalta sa scoil. *Subsequently if there is another breach of this rule the parents/guardians, with the student will meet the Board of Management and discuss the student's future in Coláiste Chilliain.*

NB: Cuirfear litir abhaile agus nóta ar *VSware* ag gach céim sa phróiséas. *Correspondence will be sent home and a note on VSware for every step in the process*.

**Síniú an tuismitheora/caomhnóra:_______________________________________**

**Síniú an dalta: ______________________________________Dáta: _________________**